

báibil

(... suite i bhflóndras) – dar leosan ar aon nós: "fearacht gach uile shórt a dhéanann langenscheidt teo. is de mheadaracht mheasartha an dán uilí, báibil. adhmholadh go deo!" (the language and the damage done; cambridge) nó: "ábhar stuama agus cruth athbhríoch, iontas na n-iontas amach is amach." (peannaireacht rúnda; ríge) - ach:

"cad is fiú focal mór gan cur leis" (an fear amhrais; liège) – an é go gcloisim gearradh is gearán? cloisim, gan aon fhiacail a chur ann! mar sin, fainic, a éisteoir, nuair a réabfar ar an tiompán - i dtrí theanga ar fhichid. róghasta do dhuine amháin, rógharg do dhuine éicint eile – agus ar an ábhar sin, briseadh beag chun seiceáil a dhéanamh: verstaat u mij?

ja, als u niet te vlug spreekt! níos moille, mar sin, chun go mbreacfaidh tú nóta: nach aoibhinn í báibil, lán siollaí ar mire, síorchincís go síoraí. anseo a taibhsíodh an tsaoirse ar dtús, is a truaillíodh an abhlann choisricthe peu à peu. cár thit seo amach? i zú léopold. cogar: tugadh ainmneacha ("faoileáin") mar bhia do na leoin. anois is ann a dhéanfas eastman déad bréige in aisce de dheoin. sin é nach mór. ach fós

tá moirféimí ar foluain go bagrach os cionn na cathrach. fraoch feirge ar fiuchadh. líon tí as vársá ar thairseach beilgeach ag ól leanna ar a sáimhín só. gotais na crimé ag taibhsiú as an gceo. sacsanaís ón transalváin i gcúinne amháin. teaglaím eicléictiúil – tá dúil ag báibil comhréir dé a chur ar strae. an t-iomlán at random. tá feadáin bheaga fáiscthe ar na daoine i mbáibil. tatúnna in ugrais, i gcoirnis, i rúnais. mar shampla tá

"schengen rules okay" ina lorg trasna mo chléibh. bhíodh deontais ann dó sin uair amháin. is thíos faoi mo ghlúin léarscáil dinnseanchais den vallúin. comhréireacht, sin fírinne an scéil. báibil... cad go díreach atá ann? fíochán, gréasán, fite fuaite ina imleacán. ach deirimse leat: go domhain sa duibheagán thíos faoin senne tá an t-eascann ar leadrán agus an débheathach ar an mbruach ag stán – "sciobfaidh siad ar ais gach rud scun scan, tá a dteangacha in achran agus ansin?" (críoch dheireanach; mönchengladbach).

ulf stolterfoht

aistrithe ón ngearmáinis ag tomás ó máille